



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2025

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Gearmáinis

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht


Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Maidir le gach roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le nathanna cainte, frásaí agus focail eile atá ar comhchiall leis na cinn atá ar fáil ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- **Léiríonn tulsais / roimh fhreagra** go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí a bhfuil tulsais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.
- Léiríonn **lúibíní cruinne ()** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.
- Tá eolas **a bhfuil líne faoi** riachtanach chun an marc iomlán a bhaint amach.
- Ba cheart freagraí cealaithe a chur san áireamh sa chás nár tugadh aon fhreagra eile. I gcás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist níos mó ná uair amháin, glac leis an gcéad fhreagra agus sin amháin. I gcás ina bhfuil freagraí i dteanga seachas an teanga a sonraíodh: bronn leathmharcanna.
- **Socrúithe Réasúnta**
Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach. Agus obair na n-iarrthóirí seo á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm mar atá leagtha amach sa scéim mharcála ar na leathanaigh 15,20.

Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil

Ní thugtar nótaí mínithe sna freagraí uile

[]	Ábhar Neamhábhartha
+	San áit ina mbíonn pointí maithe teanga
P	Pionós leathmharc do fhreagraí i dteanga nár sonraíodh/ ábhar neamhábhartha/athfhriotal gan ionramháil san áit ina bhfuil ionramháil riachtanach
L	Cumas Scríofa Níos Ísle
	Earráidí gramadaí, aimsirí, úsáid mhíchuí as an stór focal, earráidí sa litriú, easnaimh ...
	Níor bronnadh marcanna
	1, 2, 3, ... srl. marc(anna) bronnta
	Úsáid giorrúcháin a, b, c,... agus pointí ábhair aonair á dtaispeáint
	Leathanach bán / ábhar feicthe
WO	I gcás botúin in ord na bhfocal
Op1/CL1	An chéad abairt/an abairt deiridh
Dis1	Marc lánroghnach
SMM	Scéim Mharcála Mhionathruithe

TÉACS I: LESEVERSTÄNDNIS (60 mharc)

(17, 22, 11, 10)

(Teastaíonn fianaise gur thuig iarrthóirí an téacs; **athfhriotail** gan ionramháil san **áit** ina bhfuil ionramháil **riachtanach**/ina bhfuil ábhar **neamhábhartha**: **leathmharcanna**. **Lánmharcanna do chodanna le hionramháil**. Freagraí i dteanga nár sonraíodh = **leathmharcanna**)

Ceist 1: (17 mharc : (a) 3 mharc; (b) 6 mharc; (c) 8 mharc)

(a) (3 mharc: 3 x 1 mharc)

*Was erfahren Sie zu Beginn des Textes über die Hobbys, die Till ausprobiert hat? Schreiben Sie **drei** kurze Sätze. (Zeile 1 – 10)*

(Trí cinn ar bith: 3 x 1 mharc)(Ceadaiigh Perfekt, Imperfekt, Plusquamperfekt)) (NB: Aimsir Láithreach = 0)

1. Er **hatte** Klavierunterricht. // Er **spielte** Klavier.
2. Er **ging** Tischtennis spielen. / Er **hat** Tischtennis **gespielt**.
3. Er **ging** in den Judokurs. // Er **machte** Judo.
4. Er **war** Pfadfinder/bei den Pfadfindern.
5. Er **hat** ein Teleskop **bekommen**. // Er **hat** Astronomie **ausprobiert**
6. Till hatte für **die(se)/solche** Hobbys kein Interesse//Er hatte kein Interesse daran.

(b) (6 mharc: 2 x 3 mharc)

Beschreiben Sie Tills Zeit im Gymnasium. (Zeile 11 – 21)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 3 mharc)(NB: Ceadaiigh an Aimsir Láithreach nó an Aimsir Chaite)

1. ... ein Privatgymnasium.
2. Er interessiert(e) sich nicht für Fußball **(2)** oder Lesen **(1)**
3. Er gehört(e) zur Gruppe der Gamer
4. Er sitzt/saß neben Fritz
5. Er spielt(e) (mit Fritz) auf (alten) Computern im Informatiksaal
6. Er spielt(e) (im Park) auf seinem Handy.
7. Er interessiert(e) sich fast nur fürs Gaming

(c) (8 marc 4 x 2 mharc)

*Was schreibt Till online darüber, was er nach der Schule macht? Schreiben Sie **vier** kurze Sätze in der Ich-Form. (Zeile 22 – 31)*

Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc)(NB: An Aimsir Láithreach ag teastáil. Gearr pionós ar fhoirceann briathair mícheart uair amháin:

1. Ich komme/gehe nach Hause.
2. Ich schalte als Erstes/zuerst meinen Computer ein.
3. Ich öffne/spiele mein Lieblingsspiel. **(Uimhir Uatha amháin)**
4. Ich gehe aufs Klo.
5. Ich trinke einen Schluck Wasser.
6. Ich spiele und spiele / Ich spiele ein Spiel nach dem anderen.
7. Ich merke nicht, dass ich hungrig/durstig bin.
8. Ich denke, ich gehe nach dem nächsten Spiel etwas trinken.
9. Ich (be)merke nicht, wie drei,vier Stunden vergehen.

Ceist 2: (22 mharc : (a) 4 mharc; (b) 10 mharc; (c) 4 mharc ; (d) 4 mharc)

(a) (4 mharc: 2 x 2 mharc)

Cén dearcadh atá ag tuismitheoirí Till i leith cluichí ríomhaire? Tabhair sonraí. (na línte 35 – 43)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. Níor thuig siad cluiche a dhóthain le taitneamh a bhaint as (riamh).
2. Níl tuairim ar bith acu (fúthu).
3. Ceannaíonn a mháthair an cluiche/na cluichí úrnua/is déanaí dó toisc go ndéanann tuismitheoirí eile é.
4. Ceannaíonn a mháthair/ceannaíonn a tuismitheoirí cluichí d'aois 18+ dó.

(b) (10 mharc: (i) 6 mharc; (ii) 4 mharc)

(i) Tabhair sonraí faoin gcéad chuairt ag Till chuig gamescom. (na línte 44-55)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 3 mharc)

1. Bhí sé cúig bliana déag d'aois (15).
2. (Tá an taispeántas) in Cologne/Köln
3. Ba é seo an chéad uair aige teacht os comhair an phobail
4. ...a chéad turas/aistear ina aonar
5. Caithfidh sé (a ghealladh) fanacht lena shean-aintín (in Bochum) // **gan fanacht** in óstán (leis na himreoirí gairmiúla níos sine)
6. Shroicheann sé/cailleann sé an cluiche leathcheannais // Cailleann sé in aghaidh/Breitheann fear 24 bliain d'aois / Iorúach/*An Viper* bua air
7. Is tús le céim nua ina shaol é seo

(ii) Cén casadh nua a tharla i saol Till mar thoradh ar dhul chuig gamescom? Tabhair sonraí. (na línte 56 – 62)

(Ceann ar bith: 1 x 4 mharc)

1. Taispeánann cuardach Google grianghraf de Till
2. Aithníonn na céadta daoine a chuma
3. ...d'fhéadfaidís é a aithint sa todhchaí / aithneoidh siad é sa todhchaí

(c) (4 mharc: 2 + 2 mharc)

*Conas a mhothaíonn Till **agus** cad a dhéanann sé tar éis gamescom? Tabhair sonraí. (línte 68 – 75)*

Conas:

(Ceann ar bith: 2 mharc)

1. Tuirseach
2. Scanraithe/buartha/neirbhíseach go gceapann TheViper go bhfuil sé chomh maith sin

Cad:

(Ceann ar bith: 2 mharc)

1. Fileann sé ar a shean-aintín / ar Bochum
2. Smaoiníonn sé ar/deineann sé macnamh ar na rudaí (deasa) a dúirt The Viper leis/faoi

(d) 4 mharc (2 x 2 mharc)

Tabhair sonraí faoin duine a chastar ar Till an lá dár gcionn. (na línte 76 – 92)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. tá sé an aois chéanna le Till
2. Déanann sé meangadh gáire le Till
3. Ní duine de lucht leanúna é / Is imreoir gairmiúil é freisin
4. Labhraíonn siad faoin taispeántas // Bhí seisean ag an taispeántas freisin
5. Tugann sé agus Till a n-ainmneacha dá chéile
6. Tá sé ag dul go dtí *asia gamescom* (in Shanghai)
7. Is duine de na 30 imreoir is fearr san Eoraip é
8. Tá a lán airgid (duaiseanna) buaite aige / tá a lán airgid (duaiseanna) tuillte aige / buann sé a lán airgid (duaiseanna)

Ceist 3: 11 mharc: (a): 3 marc; (b) 8 mharc

(a) (3 mharc: 3 x 1 mharc)

Cad a tharlaíonn i mí Mheán Fómhair? Tabhair sonraí. (línte 95 – 99)

(Trí cinn ar bith: 3 x 1 mharc)

1. Beidh Till 16 (bliain) d'aois
2. ... sa 6^ú bliain de Gymnasium / den Mheánscoil
3. ...titeann sé i ngrá
4. Athraíonn go leor rudaí

(b) (8 mharc: 4 x 2 mharc)

Déan cur síos ar an gcéad uair a chastar Feli ar Till. (na línte 100 – 112)

(Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc) (Tagairt do Feli mar 'sé'=0. Gearr pionós uair amháin)

1. Bhí Feli i gcúinne na cúirte scoile (lena deirfiúr)//i gcúinne na gcaitheadóirí tobac (ag an scoil)
2. Tá cluasáin ar Feli (agus ar a deirfiúr)
3. Bhí sí féin agus a deirfiúr/bhí siad ag argóint/ag troid faoi rapálaí agus a chuid liricí/téacsanna/focail/amhráin
4. Deir Till 'haigh'
5. Baineann Feli a cluasáin di féin agus breathnaíonn sí air
6. ...fiafraíonn sí de an éisteannta sé le rap / an bhfuil aithne aige ar Lgoony
7. Deir Till gur maith leis Lgoony / go gceapann sé go bhfuil a chuid liricí go maith
8. Déanann Feli/Till/siad meangadh gáire **(Déanann siad gáire = 0)**
9. Déanann Feli siombail croí lena lámha

Ceist 4: (10 marc)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 5 mharc)

Le linn an téacs, téann an príomhcharachtar Till trí roinnt tréimhsí athraithe. Tabhair dhá shampla ón téacs. (Is féidir úsáid teanga agus/nó ábhar a bheith i gceist.)

(Gearmáinis amháin gan mhíniú = 0)

(Ábhar)

1. Ag triail caitheamh aimsire ach ag cinneadh gan leanúint leo//ag triail pianó,leadóg bhoird, júdó, gasóga, réalteolaíocht (**Dhá cheann**)
2. Ag bogadh go scoil phríobháideach/meánscoil (nuair a bhí sé 10)
3. Ag cur aithne ar chairde nua
4. Tosaíonn sé ag imirt cluichí ríomhaire/ag éirí ina imreoir ríomhaire dáiríre/Is é imirt cluichí ríomhaire lár a shaoil anois
5. Nuair a ghlaonn a mháthair air tuigeann sé gur duine (daonna) é
6. Chuaigh sé ar thuras ina aonar den chéad uair // Thaistil sé ina aonar chuig an taispeántas/go Cologne
7. Ag fáil aitheantais i measc a chomhpháirtithe imeartha (TheViper / an imreoir gairmiúil eile ag an stáisiún traenach)
8. Ag éirí cáiliúil ar an idirlíon/Google
9. Aithníonn na céadta daoine é/Éiríonn sé inaitheanta tar éis *Gamescom*
10. Ag titim i ngrá / ag bualadh le Feli
11. Ag casadh a airde ón gcluichíocht go dtí an ceol
12. Ag tnúth le bualadh le Feli in áit cluichíocht

(Úsáid teanga)

1. Forbraíonn an cluichíocht i lár a shaoil (Gaming wird zum Mittelpunkt seines Lebens)
2. Céim / Ré nua
3. ,Wenn man jetzt Tills Namen googelt' – úsáid 'jetzt' (anois) chun 'difriúil ó roimhe' a léiriú
4. Athraíonn sé sin go leor rudaí ('Das ändert vieles).
5. Úsáid 'Fügung': léiríonn idirghabháil 'an chinniúint' athrú (chun feabhais nó chun donais)
6. 'beendet es sofort wieder': Ní gnáth dó a chluiche ríomhaire a mhúchadh láithreach

TÉACS I: ANGEWANDTE GRAMMATIK (25)

1. Verben

(25 marc: 5 x 5 mharc)

(1)	versuchen (2)	Perfekt (2) ,	Uatha (1)
(2)	machen (2)	Imperfekt / Präteritum (2)	Uatha (1)
(3)	gehören (2)	Präsens (2)	Uatha (1)
(4)	vergessen (2)	Präsens (2)	Uatha (1)
(5)	verstehen (2)	Perfekt (2)	Iolra (1)

NÓ

2. Lesen Sie den folgenden Text und setzen Sie die fehlenden Adjektivendungen ein.

(25 marc: 5 x 5 mharc)

- (1)** groß-es **(5)**
- (2)** neu-en **(5)**
- (3)** international-e **(5)**
- (4)** berühmt-en **(5)**
- (5)** spannend-e **(5)**

TÉACS II: LESEVERSTÄNDNIS (60 mharc)

(18, 12, 20, 10)

NB: Teastaíonn fianaise gur **thuig** iarrthóirí an téacs.

Athfhriotail gan ionramháil san **áit** ina bhfuil ionramháil **riachtanach**/ábhar **neamhábhartha** ann: **leathmharcanna. Lánmharcanna do chodanna le hionramháil.**

Freagraí i dteanga nár sonraíodh = leathmharcanna

Ceist 1: (18 marc: (a) 6 mharc; (b) 6 mharc; (c) 6 mharc)

(a) (6 mharc)

*Stellen Sie sich vor, **Sie** sind Theresa. Schreiben Sie **drei** kurze Sätze in der Ich-Form über sich selbst. (Réamhrá)*

(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)(Gearr pionós ar fhoirceann briathair mícheart uair amháin)

1. Ich heiße Theresa Thoma // Ich heiße Thoma mit Nachnamen
2. Ich studierte Elektrotechnik und Informatik (habe ... studiert) **(An Aimsir Chaite ag teastáil)**
3. Ich machte einen Studiengang an der Hochschule München. **(An Aimsir Chaite ag teastáil)**
4. Ich **habe** einen ungewöhnlichen Arbeitsplatz **(An Aimsir Láithreach pointí 4, 5 agus 6)**
5. Ich **arbeite** auf einer Forschungsstation/in der Antarktis/am anderen Ende der Welt
6. Ich **bin** 24.

(b) (6 mharc)

Wo ist Theresa genau? Und wie lange bleibt sie dort? Geben Sie Details. (Alt 1)

Wo: (4 mharc)

(Ceann ar bith: 1 x 4 mharc)

1. in der Antarktis/k //auf der Neumayer-Station
2. 15.000 km (Luftlinie) von München/dem Journalisten
3. 2.000 km vom Südpol entfernt

Wie lange: (etwas) mehr als ein Jahr **(2 mharc)**

(c) (6 mharc)

Warum ist Theresa die richtige Person für den Job? Geben Sie Details. (Alt 2)

(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)

1. Sie ist Naturwissenschaftlerin.
2. Sie hat eine technische Ausbildung.
3. Sie ist durch ihr Studium gut vorbereitet
4. Sie **experimentierte** (schon als Kind) gern mit elektronischen Geräten **(An Aimsir Chaite)**
5. Sie **war** (mit 12 Jahren) Mitglied im Deutschen Amateur-Radio Club **(An Aimsir Chaite)**
6. Sie hatte früh Interesse am Programmieren **(An Aimsir Chaite)**

Freagair Ceist 2 agus Ceist 3 i nGaeilge.

Ceist 2: (12 mharc: (a) 6 mharc; (b) 6 mharc)

(a) (6 mharc: 3 x 2 mharc)

Tabhair sonraí faoin bpróiseas ullmhúcháin a raibh ar Theresa dul tríd. (Alt 3)

(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc) (NB: An Aimsir Chaite ag teastáil)

1. Thóg sé leath bhliain / sé mhí
2. Fuair sí scrúdú sláinte/leighis iomlán /ó bhonn go barr
3. Bhog sí isteach i dteach le naonúr/comhghleacaithe eile/a bheadh ar an bhfoireann amach anseo
4. Bhí orthu tástáil an raibh siad ag obair go maith mar fhoireann
5. D'fhoghlaim siad faoi/d'oibrigh siad ar/rinne siad bainistiú coimhlinte (1) agus obair foirne (1)
6. Fuair siad eolas faoin teicneolaíocht (in úsáid) ag an stáisiún
7. Cúrsa marthanais sna hAlpa
8. Bhí siad ag campáil ar oighearshruth (ar feadh seachtaine)
9. Bhí sé spráúil/taitneamhach

(b) (6 mharc: 3 x 2 mharc)

Cad iad na tascanna atá ag Theresa ina post? Tabhair sonraí. (Alt 4)

(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)

1. Tá sí i mbun na teicneolaíochta / gach rud ó WIFI/WLAN go dtí bogearraí
2. Cabhraíonn sí le fadhbanna ríomhaire/le fadhbanna ríomhaire a réiteach
3. Freagrach as na freastalaithe/nasc satailíte/stáisiún cumhachta gaoithe **(Dhá cheann ar bith: 1, 1)**
4. Coinníonn sí teagmháil raidió le longa/eitleáin/taighdeoirí eile ar an oighear **(Dhá cheann ar bith: 1, 1)**
5. Freagraíonn sí ceisteanna ó leanaí ó sé thír Eorpacha
6. Coinníonn sí dialann do nuachtán Gearmánach
7. Seiceálann sí/faireann sí na micreafóin faoi uisce **(Rialaíonn = 0)**

Ceist 3: (20 mharc: (a) 14 mharc; (b) 6 mharc)

(a) 14 mharc: (i) 4 mharc; (ii) 10 mharc

(i) 4 mharc: 1 + 1 + 2 mharc)

Conas mar atá an geimhreadh san Antartach? Tabhair sonraí. (Alt 5)

(1 + 1 + 2 mharc)(Céad agus dara Pointí: 1 mharc. Tríú pointe tugtha: 2 mharc)

1. Ní féidir le longa dul/gabháil tríd an oighear
2. Tá an teocht 50 céim faoin reophointe
3. Tá an t-aer ró-fhuar d'eitleáin/d'eitiltí

(ii) 10 mharc. (2 x 2 mharc; 3 x 2 mharc)

Cé atá ar fhoireann Theresa faoi láthair agus conas a chaitheann siad an t-am saor a bhíonn acu? Tabhair sonraí. (Alt 5)

Cé:

(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. **cúigear** taighdeoir,
2. **beirt** theicneoirí,
3. **dochtúir**
4. **cócaire**

Conas:

(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)

1. Glaoann siad abhaile
2. Seolann siad/freagraíonn siad ríomhphoist
3. Téann siad chuig an ngiomnáisiam/an ionad aclaíochta
4. bíonn oícheanta scannán acu/féachann siad ar scannáin
5. bíonn oícheanta cluichí acu/imríonn siad cluichí
6. Déanann siad/tugann siad faoi thurgnaimh ghrinn // seiceálann siad ag cén teocht a reonn spaigití ar an bhforc

(b) (6 mharc: 3 x 2 mharc)

Conas atá an saol tar éis éirí níos deacra ó thús an gheimhridh? Tabhair sonraí. (Alt 6)

(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)

1. An tseachtain seo caite ní raibh siad in ann dul amach ar feadh laethanta
2. Bhí stoirm cheithre lá ann
3. Scrios an stoirm/bhris an stoirm an satailít (raidíó)
4. Caithfidh siad fobhríste fada sciála a chaitheamh/ bríste te/ geansaí tiubh/ culaith pholach/ trí phéire stocaí le téitheoir cos/ dhá phéire lámhainní/ masc sciála/ scairf thiubh/ hata olna/ spéaclaí sciála **(dhá shampla ar bith: 1,1)**
//Caithfidh siad go leor éadaí/sraitheanna a chaitheamh
5. Caithfidh sí an carr sneachta a ghlacadh/a úsáid (chun teacht ar na piongainí)

Ceist 4: (10 marc: 5 x 2 mharc)

Welche Satzhälften passen zusammen

2	D	3	F	4	A	5	B	6	E
---	---	---	---	---	---	---	---	---	---

TÉACS II: ÄUSSERUNG ZUM THEMA (25

Mharc)

Rogha (a) nó (b):

(a) Extreme Bedingungen

Sehen Sie sich das Foto rechts an.

Ábhar = 13 (A = 3; B = 4; C = 4; Dis. 2)

Cumas Scríofa = 12



- Tabhair marcanna don **ábhar** ar dtús;
- Tá dhá mharc lánroghnacha (**1, 1**) ar fáil le bronnadh faoi cheann ar bith de na pointí A-C as **ábhar ábhartha, as mionsaothrú nó as trácht** breise.
- Léirigh marcanna lánroghnach le *Dis*.

A: (3 mharc)

Beschreiben Sie das Foto in **drei bis vier** Sätzen.

Satz 1: 1 mharc

Satz 2: 1 mharc

Satz 3: 1 mharc

B: (4 mharc)

Ein Jahr in der Antarktis – können **Sie** sich das vorstellen? Begründen Sie Ihre Meinung in **zwei** Sätzen.

(Caithfidh siad tagairt a dhéanamh dóibh féin)

Begründung 1: 1 mharc (Glac le 'Begründung' amháin agus míniú breise)

Begründung 2: 1 mharc

Welche Probleme kann es dabei geben? (**zwei** Sätze)

Problem 1: 1 mharc (Glac le 'Problem' amháin agus míniú breise)

Problem 2: 1 mharc

C: (4 mharc)

Extreme Wetterbedingungen gibt es immer öfter. Was ist Ihre Meinung zu dieser Aussage?

Welche Konsequenzen hat das extreme Wetter für das Leben der Menschen?

(Ceithre abairt **ábhartha** ar bith: 4 x 1 mharc)

Dis. 2 mharc

Ar bhronn tú na marcanna lánroghnacha?

NÓ

(b) Tagebuch schreiben

Sehen Sie das Foto rechts an.

Ábhar = 13 (A = 3; B = 4; C = 4; Dis. 2)

Cumas Scríofa = 12

- Tabhair marcanna don **ábhar** ar dtús;
- Tá dhá mharc lánroghnacha (**1, 1**) ar fáil le bronnadh faoi cheann ar bith de na pointí A-C as **ábhar ábhartha, as mionsaothrú nó as trácht** breise.
- Léirigh marcanna lánroghnach le *Dis.*



A (3 mharc)

Beschreiben Sie das Foto in **drei bis vier** Sätzen.

Satz 1: 1 mharc

Satz 2: 1 mharc

Satz 3: 1 mharc

B (4 mharc)

Was würden **Sie** in ein Tagebuch schreiben? (**zwei** Sätze)

(Caithfidh siad tagairt a dhéanamh dóibh féin)

Satz 1: 1 mharc

Satz 2: 1 mharc

Und was ganz bestimmt nicht? (**zwei** Sätze)

Satz 1: 1 mharc

Satz 2: 1 mharc

C (4 mharc)

Passt Tagebuchschreiben noch in unsere moderne Welt? Begründen **Sie** Ihre Meinung in **zwei** Sätzen.

Begründung 1: 1 mharc (Glac le Begründung amháin agus míniú breise)

Begründung 2: 1 mharc

Schreiben **Sie** jeden Tag Ihre Gedanken auf? Warum/warum nicht? (**zwei** Sätze)

Begründung 1: 1 mharc (Glac le 'Begründung' amháin agus míniú breise)

Begründung 2: 1 mharc

Dis. 2 mharc

Ar bhronn tú na marcanna lánroghnacha?

Cumas Scríofa a Mharcáil in *Äußerung zum Thema* (a) nó (b)

Ábhar: Marcáiltear as **13**

Cumas Scríofa:

Marcáiltear as **12** nó **7**

Más é **8** nó níos lú marc an ábhair, nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná **60** focal), marcáil an cumas scríofa as **7** agus roghnaigh an nóta mínithe: **L** (E Níos Ísle) leis seo a léiriú. Úsáid na nótaí mínithe (✓_a, ✓_b, ✓_c srl.) agus pointí ábhair aonair á dtaispeáint (**Con**); agus (**Exp**) don Chumas Scríofa.

E Níos Ísle (má tá an t-ábhar ≤ 8)	Iomlán Scála	CUR SÍOS AR CHATAGÓIR
7	12	
0 – 2	0 – 3	Stór focal an-neamhleur, focail Ghaeilge nó Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla; ord na bhfocal, go háirithe suíomh an bhriathair, mícheart go han-mhinic; foirmeacha/aimsir na mbriathra mícheart ar an iomlán. Go leor earráidí sa litriú, drochearráidí gramadaí; tá na tuisil mícheart go ginearálta; fíorbheagán aontuithe atá ceart.
3 – 4	4 – 6	Úsáid an stóir focal teoranta – neamhleur agus neamhchuí in amanna – le cur isteach áirithe ón nGaeilge/mBéarla; earráidí in ord na bhfocal le feiceáil. Foirmeacha/aimsir na mbriathra mícheart ar an iomlán. Earráidí sa litriú go minic. Drochearráidí gramadaí ó am go ham: Tuisil, aontuithe, foircinn mhíchearta.
5 – 6	7 – 9	Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Gearmáinise in úsáid, b'fhéidir. Fíor-chorrdhearmad in ord na bhfocal. Gan ach beagán earráidí i bhfoirmeacha/aimsir na mbriathra. Gan an iomarca earráidí sa litriú ann. Gan ach beagán drochearráidí gramadaí/mionearráidí gramadaí go minic: Tuisil, aontuithe, foircinn i gceart níos minice ná a mhalairt.
7	10 – 12	Úsáid an stóir focal go maith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Gan ach beagán earráidí in ord na bhfocal. Foirmeacha/aimsir na mbriathra go maith. Is annamh a bhíonn earráidí sa litriú ann, gramadach ceart tríd is tríd: Leibhéal maith cruinnis i dtuisil, foircinn na mbriathar agus aontuithe...

N.B. Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (**E = Cumas Scríofa**) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí, lena n-áirítear ró-iontaoibh ar spreagthaigh.

Socruithe Réasúnta: Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú / gramadach, beidh an marc a bhronnfar laistigh de chatagóir bunaithe ar an **stór focal**, ar mhúnlú na n-aimsirí agus ar ghnéithe a bhaineann le hord na bhfocal amháin i.e. na tuairisceoirí i gcló iodálach thuas agus ní ar litriú agus ar ghramadach atá bainteach le litriú.

SCHRIFTLICHE PRODUKTION (50)

Bearbeiten Sie (a) oder (b)

(a) Litir

Nóta: Freagair ceithre cinn ar bith de na cúig phointe seo a leanas.

Áit a bhfreagraíonn iarrthóir níos mó ná ceithre cinn, marcáil iad go léir agus roghnaigh na ceithre cinn is fearr.

Tá do chara Gearmánach, Andrea/Andreas, tar éis scríobh chugat. Tabhair freagra i nGearmáinis ar an litir agus bíodh freagraí mionsonraithe agat ar **cheithre cinn de na cúig réimse topaicí** ar chuir sí/sé ceisteanna ina dtaobh, agus tabhair do thuairim phearsanta orthu.

(Scríobh tuairim is **160 focal**.)

Ábhar = 25 marc

Cumas Scríofa = 25 marc

Tá cúig mharc lánroghnach ar fáil le bronnadh faoi aon cheann de **A, B, C, D nó E** ar **mhionsaothrú nó ar thrácht ábhartha** breise. Lean na rialacha mar a bhí ag *Äußerung*.

Op. (2)

Oscailt oiriúnach:

An t-íosmhéid **(1)**

Mionsaothrú cuí NÓ tagairt d'ábhar na litreach. **(1)**

A. (4)

Ich trainiere jeden Tag Breaking. Welche neue Sportart würdest du gern ausprobieren? (1) Und welche ganz sicher nicht? (1)

Hast du dich für die Olympiade interessiert? Warum/warum nicht? (1,1) (Glac le cúis amháin agus míniú breise)

B. (4)

...Monatskarte für 12,50 Euro... so oft man will ins Kino gehen! Was hältst du davon? (1) Welche Filme siehst du besonders gern? (1)

*Wann **bist** du das letzte Mal ins Kino **gegangen**? (1) Was **hast** du nach dem Film **gemacht**? (1)*

C. (4)

Wake up-Club... Was hältst du von dieser Idee? (1) Warum denkst du so? (1)

Wo lernst du neue Leute kennen? (1) Wie sieht deine Morgenroutine aus? (1)

D. (4)

Was meinst du: sollte es mehr Geschäfte ohne Verkäufer geben? Warum/warum nicht? (1,1)

Ist dir persönlicher Kontakt beim Einkaufen wichtig? Warum/warum nicht? (1,1)

(Glac le cúis amháin agus míniú breise ar an gcúis sin)

E. (4)

Stadtfest: Gibt es bei euch in Irland auch solche Feste? Erzähl mir davon. (1+1)

*Wann **hast** du zum letzten Mal Geld **verdient**? (1) Was **hast** du **gemacht**? (1) (Tasc)*

(Tagairt d'am ag teastáil)

Cl. (2)

Aistriú oiriúnach go dtí an deireadh/tagairt don litir **(1)**

Foirmle dheiridh chuí **(1)**

Dis. (5 mharc: 5 x 1) Ar bhronn tú na cúig mharc lánroghnach?

NÓ

(b) Sehen Sie sich das Foto genau an.

Nóta: Freagair cúig cinn ar bith de na sé phointe urchair seo a leanas.

Áit a bhfreagraíonn iarrthóir níos mó ná cúig cinn, marcáil iad go léir agus roghnaigh na cúig cinn is fearr.



Ábhar = 25 marc

Cumas Scríofa = 25 marc

* Tá cúig mharc lánroghnacha ar fáil le bronnadh faoi cheann ar bith de na pointí **A, B, C, D, E** nó **F** as mionsaothrú nó as trácht breise. Lean na rialacha mar a bhí ag *Äußerung*.

A. (4)

Beschreiben Sie **in vier Sätzen**, was Sie auf dem Foto sehen.

Satz 1: (1)

Satz 2: (1)

Satz 3: (1)

Satz 4: (1)

B. (4)

Wie kommen **Sie** mit den älteren Menschen in Ihrem Leben aus (Lehrer, Eltern usw.)? (1)

Was sind Ihre **drei** Tipps für ein gutes Zusammenleben?

Tipp 1: (1)

Tipp 2: (1)

Tipp 3: (1)

C. (4)

Das Jugendzentrum in Ihrer Gegend startet eine Aktion, um die Computerkenntnisse von Senioren zu verbessern. Wie würden **Sie** bei der Aktion mithelfen? (**zwei** Sätze)

Satz 1: (1)

Satz 2: (1)

Was sollten Seniorinnen und Senioren online machen können? (**zwei** Sätze)

Satz 1: (1)

Satz 2: (1)

D. (4)

*... ein freiwilliges soziales Jahr in der Altenpflege, in Krankenhäusern oder Kindergärten. Man arbeitet **sechs bis 12 Monate** und bekommt ein **Taschengeld**. Würden **Sie** das gern machen? (1)*

*Warum/ warum nicht? Nennen Sie **drei** Gründe.*

Grund 1: (1)

